Naomh **J**osemaría **E**scrivá

Bunaitheoir Opus Dei

Paidir

A Thiarna Dia, trí idirghabháil na Maighdine Beannaithe Muire, bhronn tú grásta thar cuimse ar do shagart Naomh Josemaría, á roghnú mar uirlis fhíordhílis duit chun Opus Dei a bhunú, slí chun na naofachta trí obair an lae agus gnáthdhualgais an Chríostaí. Deonaigh domsa freisin go n-aithneoinn conas gach uile chúinse agus ócáid i mo shaol a thapú chun mo ghrá duitse a léiriú agus chun freastal ar an Eaglais, ar an bPápa agus ar gach uile anam le háthas agus naíondacht chroí, ag caitheamh solais le gile an chreidimh agus an ghrá ar bhealaí an tsaoil.

Trí idirghuí Naomh Josemaría déan, más é do thoil é, an gar seo a iarraim ort (déan d'achainí anseo). Áiméan.

Ár nAthair; Is é do bheatha, a Mhuire; Glóir don Athair.

"An gnáthchaidreamh a bhíonn agat le Críost, tarlaíonn sé san áit a mbíonn do chuid mianta, do chuid oibre, do ghrá. Ba cheart dúinn an naofacht a lorg i lár na nithe is ábharaí ar domhan, ag freastal ar Dhia agus ar gach uile dhuine. Dealraíonn sé go dtagann neamh agus talamh le chéile ag bun na spéire, ach is é an áit a dtagann siad le chéile i ndáiríre ná in bhur gcroí, nuair a dhéanann sibh bhur mbeatha laethúil a naomhú."

Naomh Josemaría Escrivá, *Grá anama a thabhairt don domhan* (seanmóir, 8 Deireadh Fómhair 1967).

Rugadh Naomh Josemaría Escrivá in Barbastro sa Spáinn an 9 Eanáir 1902. Oirníodh ina shagart é i Zaragoza an 28 Márta 1925. An 2 Deireadh Fómhair 1928, trí inspioráid ó Dhia, bhunaigh sé Opus Dei. Fuair sé bás go tobann sa Róimh an 26 Meitheamh 1975, tar éis dó súil a chaitheamh le mórchion den uair dheireanach ar phictiúr den Mhaighdean Bheannaithe sa seomra ina mbíodh sé ag obair. Faoin am sin bhí Opus Dei tar éis leathnú ar fud chúig mhór-roinn an domhain agus níos mó ná 60,000 ball ann ó 80 tír éagsúil, iad ag freastal ar an Eaglais agus an aontacht iomlán chéanna acu leis an bPápa agus leis na heaspaig a bhí molta riamh anall ag Naomh Josemaría. D'fhógair an Pápa Eoin Pól II ina naomh é sa Róimh an 6 Deireadh Fómhair 2002. Is é 26 Meitheamh a lá féile.

Tugtar ómós do chorp Naomh Josemaría i Séipéal Prealáideach Mhuire na Síochána, Viale Bruno Buozzi 75, an Róimh.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi Naomh Josemaría Escrivá féach ar: www.josemariaescriva.info

Iarrtar orthusan a fhaigheann fabhair trí idirghuí Naomh Josemaría Escrivá é sin a chur in iúl do Phrealáideacht Opus Dei, 22 Bóthar Uí Chuinneagáin, Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath.

Le ceadú eaglasta.